2026/2253

14.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2253 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarraidh ón bPolainn gan an ceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 ón gCoimisiún maidir le GSM-R a shuiteáil i dtollán a chur i bhfeidhm

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7077)

(Is é an téacs Polainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Samhain 2025, chuir an Pholainn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.1.8. (a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 ón gCoimisiún ([2]) maidir le nuachóiriú líne iarnróid Uimh. 104 Chabówka – Nowy Sącz go dtí an 31 Nollaig 2032 ('an iarraidh'). Cuireadh an iarraidh isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797.

(2) I bpointe 4.2.1.8. (a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 leagtar amach an ceanglas gur leis an gCóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród (GSM-R) a sholáthrófaí radachumarsáid éigeandála idir an traein agus lárionad rialaithe an bhainisteora bonneagair i dtolláin atá níos faide ná 1 km ar fhad.

(3) Is éard atá sa tionscadal dá dtagraítear san iarraidh nuachóiriú ar líne iarnróid Uimh. 104 idir Chabówka agus Nowy Sącz, lena n-áirítear go sonrach tolláin i ranna C1 agus D ó km 48+ 600 (km 49+ 822 mar atá) go km 61+ 220 (km 63 + 965 mar atá). Foráiltear go ndéanfar GSM-R a shuiteáil ar an líne ina hiomláine i dtionscadal amach anseo a bheidh le cur i gcrích faoin 31 Nollaig 2032.

(4) De réir na ndoiciméad a chuir an Pholainn isteach, dá gcomhlíonfaí pointe 4.2.1.8. (a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014, bheadh costas breise PLN 30 000 000 ann, mar ba ghá stráicí líne breise sa cheantar máguaird, anuas ar na codanna tollán, a fheistiú le GSM-R. Chuirfeadh na costais bhreise sin inmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail i mbaol.

(5) Mar fhoráil mhalartach, molann an Pholainn go gcuirfí i bhfeidhm Caibidil 1.1 de Chaighdeáin Theicniúla maidir le coinníollacha teicniúla sonracha i ndáil le línte iarnróid suas le Vmax ≤ 250 km/h a uasghrádú nó a thógáil, Imleabhar VII Teileachumarsáid, de réir mar is infheidhme an 19 Feabhra 2026 ([3]), lena leagtar síos an fhéidearthacht córas raidió GSM-R nó córas raidió PKP a úsáid i dtollán. Oibríonn córas raidió PKP ar bhanda minicíochta 150 MHz agus liostaítear é mar chóras radachumarsáide gutha Aicme B i bpointe 3.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([4]). Tugadh fógra faoin riail náisiúnta sin don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 14(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797, faoi riail ID PL-FI-2783-1-A ([5]).

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheachta a bhaineann le 'sábháilteacht i dtolláin iarnróid' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 394, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1303/oj).

([3]) https://www.plk-sa.pl/files/public/user_upload/pdf/Akty_prawne_i_przepisy/Standardy_techniczne/19.02.2026/ST-T7_obowiazuja_od_2026-02-19.pdf.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

([5]) https://srd.era.europa.eu/national-rules/rule?id=3023.

(6) Bunaithe ar an údar leis an iarraidh a chuir an Pholainn ar fáil agus ar an bhforáil mhalartach atá beartaithe, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta maidir le nuachóriú líne iarnróid Uimh 104 Chabówka – Nowy Sącz. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh.

(7) Is ceanglas fíor-riachtanach í an tsábháilteacht, mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/797, atá le comhlíonadh ag córas iarnróid an Aontais, na fochórais agus na comhábhair idir-inoibritheachta, lena n-áirítear comhéadain. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún lena léirítear go bhféadfadh neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.1.8. (a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 sábháilteacht an chórais iarnróid a chur i mbaol.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An iarraidh ón bPolainn ar neamhchur i bhfeidhm phointe 4.2.1.8. (a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 maidir le nuachóiriú líne iarnróid Uimh 104 Chabówka – Nowy Sącz, glactar léi ar choinníoll go gcuirfí an fhoráil mhalartach atá beartaithe ag an bPolainn i bhfeidhm.

Cuirfidh an Pholainn an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí i gcás ina mbeidh faisnéis aici go bhféadfadh an neamhchur i bhfeidhm dochar réasúnta a dhéanamh do shábháilteacht an chórais iarnróid.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2032.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún